AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.5.2018
COM(2018) 387 final

ANNEX 2

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**on the establishment of a European Investment Stabilisation Function**
**maidir le Sásra Eorpach um Chobhsú Infheistíochtaí a bhunú**

{SEC(2018) 277 final} - {SWD(2018) 297 final} - {SWD(2018) 298 final}

## IARSCRIBHINN II

## TÁSCAIRÍ FAIREACHÁIN LE hAGHAIDH TUAIRISCÚ AGUS ATHBHREITHNIÚ

### 1. Raon Feidhme

De bhun mhír 22 agus mhír 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, is gá meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo chun a áirithiú go ndéanfar measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn an Rialacháin i dtreo bhaint amach na gcuspóirí a leagtar amach in aithris 35 agus Airteagal 1.

Déanfar sin ar bhonn faisnéis arna bailiú le ceanglais faireacháin shonracha, agus ró-rialáil agus ualaí riaracháin, ar na Ballstáit go háirithe, á seachaint san am céanna. Ar na ceanglais sin is féidir a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an Rialacháin ar an talamh.

### 2. Táscairí

Féadfaidh an Coimisiún na táscairí seo a leanas a úsáid chun dul chun cinn an Rialacháin i dtreo bhaint amach a chuspóirí i gcomhthéacs an tuairiscithe agus an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 22:

(a) an t-olltáirge intíre

(b) bearta na bearna aschuir:

(c) fostaíocht, an ráta dífhostaíochta, na rátaí rannpháirtíochta, táscairí ar fhostaíocht pháirtaimseartha, uaireanta an chloig a oibrítear;

(d) an t-ollfhoirmiú caipitil sheasta a dhéanann an rialtas ginearálta, sonraí earnálacha san áireamh

(e) an t-ollfhoirmiú caipitil sheasta a mhaoinítear le cláir a dtugann an tAontas tacaíocht dóibh faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, faoin gCiste Comhtháthaithe, faoi Chiste Sóisialta na hEorpa, faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe;

(f) cuntais an rialtais ghinearálta, lena n-áirítear comhardú an bhuiséid, comhardú an bhuiséid arna choigeartú de réir na dtimthriallta, an seasamh fioscach, an t-easnamh poiblí, patrúin ioncaim lena n-áirítear cásanna amhantair agus gannchion, cobhsaitheoirí uathoibríoch;

(g) sonraí i ndáil leis na margaí airgeadais, amhail rátaí úis bannaí flaithiúnais.